**Ceist i gcomhair freagra ó bhéal O-000017/2024**
**ar an gCoimisiún**
Riail 142
**Christine Anderson, Anja Arndt, Marc Jongen**
thar ceann Ghrúpa ESN

Ábhar: An éigeandáil aeráide agus chomhshaoil atá fógartha a chúlghairm

I rún uaithi an 28 Samhain 2019 maidir leis an éigeandáil aeráide agus chomhshaoil[1], d'fhógair an Pharlaimint éigeandáil aeráide agus chomhshaoil, agus gheall sí go dtabharfadh sí tús áite do ghníomhú ar son na haeráide thar aon leasanna beartais eile, amhail poist, fás agus iomaíochas.

Ó shin i leith, glacadh bearta éagsúla reachtacha agus bearta eile, a chruthaíonn dúshláin i dteannta a chéile do dhea-bhail shocheacnamaíoch na saoránach, a bhfuil méadú suntasach tagtha ar an gcostas maireachtála mar gheall orthu, agus a bhfuil tionchar diúltach acu ar acmhainneacht fáis eacnamaíoch agus ar iomaíochas. Tar éis cúig bliana de thús áite a thabhairt do ghníomhú ar son na haeráide, is mithid cur chuige nua níos cothroime a ghlacadh.

1. An aithníonn an Coimisiún go raibh tionchar diúltach ag an reachtaíocht a achtaíodh ó 2019 i leith, tríd is tríd, ar dhea-bhail shocheacnamaíoch shaoránaigh an Aontais?

2. An aontaíonn an Coimisiún go bhfuil gá le cur chuige níos cothroime, cur chuige lena ndéantar spriocanna beartais eile a chur — amhail leas socheacnamaíoch, costas maireachtála, acmhainneacht fáis, agus iomaíochas — ar bhonn cothrom le gníomhú ar son na haeráide?

3. An aontaíonn an Coimisiún gur cheart an dearbhú éigeandála aeráide agus comhshaoil a tharraingt siar?

Curtha síos: 5.12.2024
Spriocdháta i gcomhair freagra: 6.3.2025

[1] https://www.europarl.europa.eu/doceo/document/TA-9-2019-0078_EN.html.